2025/1429

15.7.2025

CINNEADH (CBES) 2025/1429 ÓN gCOMHAIRLE

an 15 Iúil 2025

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/2319 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háití

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2022/2319 ón gComhairle an 25 Samhain 2022 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háití ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 25 Samhain 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/2319.

(2) An 28 Iúil 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/1574 ([2]), lenar leasaíodh Cinneadh (CBES) 2022/2319, lena mbunaítear creat tiomnaithe le haghaidh bearta sriantacha spriocdhírithe i gcoinne daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá freagrach as gníomhaíochtaí a chuireann síocháin, cobhsaíocht agus slándáil Háití i mbaol agus a bhaineann an bonn den daonlathas nó den smacht reachta i Háití, agus i gcoinne daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil baint acu leo.

(3) Sna conclúidí uaithi an 17 Deireadh Fómhair 2024, thug an Comhairle Eorpach le fios gur údar mór imní di go fóill an staid i Háití, agus d'iarr sí go gcuirfí smachtbhannaí spriocdhírithe nua ar dhaoine aonair agus eintitis atá freagrach as an bhforéigean, chun rannchuidiú le hathbhunú na síochána, na slándála, na cobhsaíochta, an daonlathais agus an smachta reachta i Háití.

(4) I bhfianaise na staide polaitiúla, eacnamaíche, slándála agus daonnúla atá ag dul in olcas i Háití, lena n-áirítear mar thoradh ar an bhforéigean droinge atá ag dul in olcas, ar sháruithe tromchúiseacha ar chearta an duine arna ndéanamh gan staonadh ag na dronga, agus ar an tsaoirse leanúnach ó phionós do dhéantóirí coire, ba cheart triúr a chur le liosta na ndaoine nádúrtha atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2022/2319.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2022/2319 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2022/2319 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Iúil 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

([1]) IO L 307, 28.11.2022, lch. 135, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/2319/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) 2023/1574 ón gComhairle an 28 Iúil 2023 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/2319 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háití (IO L 192, 31.7.2023, lch. 21 ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1574/oj).

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2022/2319, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis an tábla faoin gceannteideal ‘A. Liosta na ndaoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 2a(1) agus in Airteagal 3a(1)’:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta liostaithe
‘4.	Micanor ALTÈS ar a dtugtar freisin Monel Felix, Micanord; Mikano; Wa Mikanò; King Micanor; Alfred Mones	Feidhm: Ceannaire dhrong Wharf Jérémie Náisiúntacht: Háítíoch Inscne: fireann Seoladh: Neighbourhood of Wharf Jérémie, near La Saline, Port-au-Prince, Háití	Is é Micanor Altès ceannaire dhrong Wharf Jérémie. Is comharsanacht chósta é Wharf Jérémie i limistéar La Saline in Port-au-Prince. Tá an crios sin faoi smacht na droinge faoi stiúir Micanor Altès le breis agus 10 mbliana anuas. Faoina cheannas siúd, tá an drong freagrach as sléacht 207 nduine idir an 6 agus an 11 Nollaig 2024 i gceantar Wharf Jérémie. Rinneadh an sléacht tar éis do mhac nuabheirthe Altès bás a fháil de bhreoiteacht aineoil. Agus é cinnte de gur chuir cleachtóirí scothaosta Voodoo sa cheantar faoina smachta féin mallacht ar an leanbh, thug sé ordú do dhá dhrong na háitritheoirí uile os cionn 60 bliain d’aois a bhí ag cleachtadh Voodoo a chur chun báis, tar éis iad a fhuadach. Dá bhrí sin, tá Micanor Altès freagrach as gníomhaíochtaí a chuireann an tsíocháin, an chobhsaíocht agus an tslándáil i Háití i mbaol, lena n-áirítear ag gabháil do ghníomhaíochtaí coiriúla agus d’fhoréigean a bhfuil baint ag grúpaí armtha agus líonraí coiriúla leo.	15.7.2025
5.	Christ-Roi CHÉRY ar a dtugtar freisin Kris-La; Krisla; Chrisla; Chrislat	Feidhm: Ceannaire drong TI Bwa (cleamhnaithe le Viv Ansanm/G9 Comhghuaillíocht dronganna) Náisiúntacht: Háítíoch Inscne: fireann Seoladh: Commune of Carrefour, Metropolitan region of Port-au-Prince, Háití	Is é Christ-Roi Chéry ceannaire dhrong Ti Bwa, atá cleamhnaithe le comhghuaillíocht drong Viv Ansanm (ar a dtugtar G9 freisin) i Háití. Ó mhí Feabhra 2024 i leith, tá drong Ti Bwa ag rialú bhardas Carrefour. Faoi cheannas Christ-Roi Chéry, tá drong Ti Bwa ag gabháil d’fhoréigean agus do ghníomhaíochtaí coiriúla i Háití, lena n-áirítear dúnmharú, robáil, éigniú, fuadach earraí agus trucailí, sracadh, feallmharuithe spriocdhírithe agus gáinneáil ar dhrugaí. Dá bhrí sin, tá Christ-Roi Chéry freagrach as gníomhaíochtaí a chuireann an tsíocháin, an chobhsaíocht agus an tslándáil i Háití i mbaol, lena n-áirítear ag gabháil do ghníomhaíochtaí coiriúla agus d’fhoréigean a bhfuil baint ag grúpaí armtha agus líonraí coiriúla a chuireann foréigean chun cinn leo, lena n-áirítear earcú le forneart páistí ag na grúpaí agus na líonraí sin, fuadach, dúnbhásuithe agus foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe.	15.7.2025

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta liostaithe
6.	Jeff LAROSE ar a dtugtar freisin Jeff; Gwo Lwa; Taliban	Feidhm: Ceannaire dhrong Canaan (cleamhnaithe le comhghuaillíochtaí drong G-Pép agus Viv Ansanm) Náisiúntacht: Háitíoch Inscne: fireann Seoladh: Canaan, Metropolitan region of Port-au-Prince, Háití	Is é Jeff Larose ceannaire dhrong Canaan, atá cleamhnaithe le comhghuaillíochtaí drong G-Pép agus Viv Ansanm i Háití. Rialaíonn drong Canaan ceantair Canan, Onaville, Jerusalem, Corail, Rosemberg, Lilavois agus Bon Repos, ceantair atá suite i limistéar cathrach Port-au-Prince. Leathnaigh an drong a smacht thar a críoch bhunaidh agus oibríonn sí in Mirebalais chomh maith (limistéar Centre). Faoi cheannas Jeff Larose, tá drong Canaan ag gabháil d'fhoréigean agus do ghníomhaíochtaí coiriúla i Háití, lena n-áirítear fuadach, leithreasú talún, éigniú, buirgléireacht bhaile, fuadach earraí agus feithiclí, fuadach i gcomhair airgead fuascailte, dúnmharú agus gáinneáil ar dhrugaí. Dá bhrí sin, tá Jonel Catel freagrach as gníomhaíochtaí a chuireann an tsíocháin, an chobhsaíocht agus an tslándáil i Háití i mbaol, lena n-áirítear ag gabháil do ghníomhaíochtaí coiriúla agus d'fhoréigean a bhfuil baint ag grúpaí armtha agus líonraí coiriúla a chuireann foréigean chun cinn leo, lena n-áirítear earcú le forneart páistí ag na grúpaí agus na líonraí sin, fuadach, dúnbhásuithe agus foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe.	15.7.2025'